

Faisnéis do Chleachtóirí/Ionadaithe

Is ar líne é an modh is fearr go nuige seo d'atreorú gearán chuig an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Is ar líne atáthar tar éis tuairim 84% de gach gearán a thaisceadh go nuige seo.

Sa chás gur taisceadh gearán ar líne, ní gá cóip chrua ná cóip leictreonach a thaisceadh trí ríomhphost. D'fhéadfadh moill bheith bainteach le haitheantas don ghearán agus le próiseáil an ghearáin i gcás atreoruithe dúblacha.

Sa chás go n-áirítear seoladh ríomhphoist bhailí leis, is amhlaidh a eiseofar deimhniú ríomhphoist uathobrithe i leith fháil an ghearáin ag an gCoimisiún. Áirítear leis an deimhniú ríomhphoist an uimhir thagartha uathúil a leithdháileadh. Na fiosruithe maidir le fáil gearán ag an gCoimisiún, an comhfhreagras nó na hiarratais ar nuashonrú i leith stádas an cháis; is é an bealach is éifeachtúla chun dul i ngleic leo ná trí theagmháil a dhéanamh le Rannóg Faisnéise Seirbhíse Custaiméirí um Chaidreamh Oibreachais ag lóghlao 0818 80 80 90.

Ba cheart do chleachtóirí nuair a thaiscfidís gearáin iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go n-atreoraítear an gearán in aighneacht ar líne nó cruachóipe amháin. Ba chóir go seachnófaí taisceadh gearán de réir a chéile más féidir ar chor ar bith é. Is maith a thuigtear nach féidir leis sin bheith indéanta i gcónaí, mar shampla mar a mbítear ag druidim leis an spriocdháta reachtúil d'atreorú gearáin.

Sa chás go mbíonn níos mó ná freagróir amháin i gceist, ba cheart go dtaiscfí iarratas gearáin ar leithligh do gach freagróir. Is leis sin a chumasófar leithdháileadh uimhreach tagartha uathúla do gach freagróir.

Nuair a thásctar níos mó ná freagróir amháin, b'fhéidir go gcaithfí an t-atreorú a thabhairt ar ais chun na gearáin sonracha a atreoraítear i gcoinne gach freagróir a bhunú nó a shoiléiriú.

Dá mb'fhearr éisteacht amháin le roinnt freagróirí a reachtáil, ba chóir go dtáscfaí an méid sin san atreorú ar líne nó sa cháipéisíocht i dteannta leis an ngearán cruachóipe arna atreorú.

Eisítear fógra don fhreagróir gur atreoraíodh gearán chuig an seoladh arna sholáthar ag an ngearánaí faoi “Sonraí Dlíthiúla Iomlána an Fhreagróra/Fhostóra” san atreorú. I gcás na n-eagras freagróirí níos mó, d’fhéadfaí go mbreithneodh na cleachtóirí seoladh poist na Rannóige Acmhainní Daonna / na Ceann-Oifige a sholáthar don fhreagróir chun críocha fógartha agus comhfhreagrais seachas seoladh oibre an ghearánaí. Ní gá sna cúinsí sin chun an seoladh Ceann-Oifige a athscríobh níos déanaí san atreorú.

Nuair a thugtar freagraí i leith fógraí gearán, nó nuair a chuirtear an Coimisiún ar an eolas i leith cheapadh na n-ionadaithe, ba chóir go n-áireofaí ainm agus sonraí teagmhála an duine a bhíonn freagrach as plé leis an ngearán sa chuideachta nó san eagras má bhíonn an t-eolas sin ann.

Ba cheart go luafaí uimhir thagartha an ghearáin agus/nó uimhir thagartha an chomhaid bhreithiúnais ar gach comhfhreagras chuig an gCoimisiún agus ba chóir go mbeadh aitheantas soiléir ann don pháirtí leis an ionadaíocht.

Nuair a thaisctear ráitis scríofa, ba chóir go gcinnteodh cleachtóirí gur cloíodh le gach nós imeachta ábhartha do thaisceadh na ráiteas scríofa agus na cáipéisíochta tacaíochta. Is sna ‘NÓSANNA IMEACHTA UM IMSCRÚDÚ AGUS BREITHNIÚ NA nGEARÁN FOSTAÍOCHTA AGUS COMHIONANNAIS’ a leagtar amach iad siúd, a bhíonn ar fáil ag www.workplacerelations.ie faoi ‘Foilseacháin & Foirmeacha/Treoracha agus Leabhráin Faisnéise’.

Ba cheart go mbeadh an ráiteas gearr agus achomair de réir mar ab fhéidir,

- a) agus ba chóir go n-áireofaí leis achoimre den chúlra fíorasach don ghearán.
- b) Achoimre den fhianaise chun tabhairt ar aird leis na páirtithe, nó thar a gceann.
- c) Is féidir brath ar achoimre d’aon argóintí dlíthiúla i gcaitheamh na héisteachta, ag cur an chásdlí leis de réir mar is iomchuí.
- d) De réir mar is ábhartha, uimhir agus mionsonraí/ainmneacha na bhfinnéithe a mholtar le glaoch chun na héisteachta.

Níor cheart go n-áireofaí leis an gcáipéisíocht tacaíochta mar aguisíní ach amháin cáipéisí a bhaineann go díreach leis an ngearán.

Sa chás go n-iarrfaí ráitis scríofa ach nach bhfuair an Coimisiún iad laistigh de thráthscála réasúnach, is amhlaidh a rachaidh an gearán ar aghaidh agus a chuirfear ar sceideal iad dá n-éisteacht.

Is é beartas an Choimisiúin chun gach comhfhreagras ábhartha a fuarthas ó pháirtí amháin le gearán chuig an bpáirtí eile a chóipeáil. Bíonn sé tábhachtach dá réir nach n-áirítear leis an gcomhfhreagras faisnéis maidir le gearáin i gcoinne freagróirí éagsúla le hionadaíocht, mura mbíonn naisc idir na gearáin agus iad á n-éisteacht go comhthráthach.

B'iondúil go mba cheart freisin go gcóipeálfaí an cháipéisíocht breise don pháirtí eile leis an ngearán (nó dá n-ionadaí) ag aon tráth amháin agus a sheoltar chun an Choimisiúin í.

Ba chóir go gcoinneofaí cóipeanna de gach cáipéisíocht a taisceadh leis an gCoimisiún agus d'aon cháipéisíocht a fuarthas ón bpáirtí eile trí mheán an Choimisiúin, agus go dtabharfaí chun na héisteachta iad.

Is féidir ráitis agus cáipéisíocht tacaíochta a bhaineann le gearáin atá atreoraithe cheana féin chuig an gCoimisiún a sheoladh mar ríomhphoist chuig submissions@workplacereleations.ie. Níl aon riachtanas ann chun an t-ábhar a ataisceadh i bhformáid chruachóipe.

Sa chás go gcuirtear gearán ar sceideal dá éisteacht laistigh de na 14 lá dá éis sin, agus gur mian leis na cleachtóirí eolas breise a leasú agus a chur leis - ar a mbraithfear ag an éisteacht; ba chóir go gcóipeálfaí chuig an bpáirtí eile é (nó chuig a n-ionadaí) i dteannta leis an gCoimisiún. Is féidir an t-ábhar a thaisceadh leis an gCoimisiún trí ríomhphost chuig pru@workplacereleations.ie. Cinnteoidh sé sin go mbíonn gach páirtí i seilbh an ábhair ábhartha go léir lá na héisteachta.

Ar deireadh, ba cheart go seachnófaí soláthar cáipéisíochta cruachóipe móire den chéad uair lá na héisteachta óir gurbh éagórach é don bhreithneoir agus don pháirtí eile, agus go dtéann sé i bhfeidhm go díreach ar éifeachtúlacht na héisteachta. D'fhéadfadh moilleanna agus costais bhreise teacht as don dá pháirtí freisin.

Seirbhís Faisnéise agus Custaiméirí don

Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais

www.workplacereleations.ie

Lóghlao 0818 80 80 90